EAGRÁN AN FHÓMHAIR 2020

# RANNÁN CULTÚIR

Nuachtlitir Idirghníomhach

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

## Ionaid Chultúrtha

**Leabharlanna, Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Músaem Contae, Seirbhís Cartlainne.**

Cuireadh fáilte roimh os cionn 25,400 cuairt ar leabharlanna ó athosclaíodh leabharlanna i mBun Dobhráin, Leitir Ceanainn, Bun Cranncha, Gaoth Dobhair agus Bealach Féich/Srath an Urláir idir lár agus deireadh mhí an Mheithimh. Is cinnte gur chronaigh ár mbaill muid, agus tá lúchair mhór orainn a bheith ar ais i mbun gnímh. Ar dtús ní raibh á thairiscint ag leabharlanna ach seirbhís chun leabhair a bhrabhsáil agus a fháil ar iasacht, agus anois tá rochtain ar ríomhairí, spásanna staidéir agus áiseanna cóipeála á dtairiscint acu. Tá súil againn cur leis seo de réir a chéile ach tá na nósanna imeachta chun sábháilteacht an phobail agus na foirne a chinntiú casta agus dúshlánach, agus déanta na fírinne ní féidir filleadh ar an rud a bhíodh ann am ar bith go luath.




*Grianghraf a bhuí le Músaem Chontae Dhún na nGall*

Tuigimid an frustrachas atá orthu siúd atá ag fanacht le cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil agus thig linn a chinntiú go bhfuilimid ag obair ar an chéad chéim eile d'athoscailtí. Tá muid i mbun measúnuithe riosca a dhéanamh agus bearta a chur i bhfeidhm, ar nós roghanna féinseirbhíse a leathnú, scáileáin a chur isteach, agus pointí tadhaill agus teagmháil duine le duine a laghdú an oiread agus is féidir- ach san am chéanna seirbhís a chur ar fáil atá agus a bheidh i gcónaí ina sheirbhís le teagmháil phearsanta bíodh sin sa leabharlann nó ar líne.

Osclaíodh an tIonad Cultúrtha Réigiúnach agus Músaem an Chontae i mí Lúnasa agus tá taispeántais ar fáil iontu (tuilleadh eolais níos faide anonn sa nuachtlitir seo), agus osclófar an tSeirbhís Cartlainne do thaighdeoirí gan mhoill, ach coinne a dhéanamh. Tá na bearta sábháilteachta go léir a mholtar i bhfeidhm in achan ionad.

### FÉACH AR AN MÉID ATÁ ISTIGH:


| | |
|---|---|
| Leabharnann | L4 |
| Ionad Cultúrtha Réigiúnach | L5 |
| Ealaíona | L6 |
| Oidhreacht | L7 |
| Músaem | L8 |
| Cartlanna | L9 |





**Suirbhé déanta ag Indigo**

I mí an Mhárta, de réir chomhairle an Rialtais maidir le scaipeadh COVID-19 a shrianadh, dhruid ionaid chultúrtha i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann a ndoirse agus tháinig deireadh le himeachtaí cultúrtha beo os comhair lucht féachana. Roimhe seo, bhí gach cineál ócáid agus gníomhaíocht chultúrtha ar fáil dúinn lenár saol a shaibhriú, ach ní go dtí an lá inniu, seacht mí i ndiaidh na druidime, atá muid in ann pilleadh go mall ar imeachtaí beo arís.

Tá suirbhé déanta ag *Indigo* chun tuairimí an lucht féachana a fháil ar na nithe seo a leanas; imeachtaí cultúrtha a chailliúint, ticéid a cheannach le linn na dianghlasála, filleadh ar imeachtaí cultúrtha beo agus scaradh sóisialta i bhfeidhm, agus blaiseadh a fháil ar chultúr i bhformáidí éagsúla. Clúdaíonn na sonraí seacht gcinn déag d'eagraíochtaí cultúrtha, a bhfuil ina measc aon cheann déag as Tuaisceart Éireann agus sé cinn as Poblacht na hÉireann. Rinne Indigo suirbhéanna den chineál céanna i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag agus san Iodáil.

Breis agus 500 duine a líon isteach an suirbhé a scaip Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn. Tugadh le fios sna freagraí go raibh an amharclann ar an chosán ceart lena pleananna chun athoscailt leis agus na beartais atá á nglacadh acu. Cuireadh in iúl fosta go bhfuil sé an-tábhachtach eolas soiléir á chur ar fáil don phobal faoi gach rud atá á dhéanamh ar mhaithe le sábháilteacht na gcuairteoirí, na foirne agus na dtaibheoirí. Dúirt 66% de na freagróirí go bhfreastalódh siad ar ócaid chultúrtha in ionad dá mothóidís muiníneach go leor go raibh na bearta riachtanacha i dtaca le scaradh sóisialta agus sláinteachas curtha i bhfeidhm.

Chuir go leor freagróirí a dtacaíocht in iúl don Amharclann agus do gach ionad cultúrtha agus clár cultúrtha, ag rá cé chomh tábhachtach agus atá cultúr dóibh féin agus dá dteaghlaigh. I measc na dtuairimí bhí seo: *'Imeachtaí ealaíon beo an rud is mó a chronaigh mé le linn na dianghlasála'*, *'Guím sláinte mhaith agus spreagadh do gach duine a bhfuil baint acu leis na healaíona chun léirithe a chur ar siúl dúinn arís. Táimid réidh dóibh'*, agus *'is dóigh liom go bhfuil an Amharclann agus RCC mar chuid de chroí Leitir Ceanainn. Caithfimid achan iarracht a dhéanamh an croí sin a choinneáil ag dul. Ádh mór!'*

**Oidhreacht**

Thug an Chomhairle Oidhreachta faoi shuirbhé ar na mallaibh chun tuigbheáil níos fearr a fháil ar an tionchar atá ag an phaindéim ar an earnáil oidhreachta in Éirinn agus ar na dúshláin atá ag éirí as. Sa suirbhé seo léiríodh go raibh na tionchair seo a leanas mar thoradh ar shrianta COVID-19; druidim gnólachtaí go sealadach (52%), caillteanais post (20%), caillteanas nó cur siar oibre (66%), easpa sruthanna maoinithe ioncaim (46%), folláine foirne (20%) agus méadú ar bheith ag obair ón bhaile (45%). Tá brú breise ar roinnt suíomhanna oidhreachta de bharr líon na gcuairteoirí agus bhí go leor eagraíochtaí gnóthach ag forbairt ábhar nua ar líne. Creideann dhá thrian d'oibrithe na hearnála oidhreachta go mbeidh meas úr athmhúscailte ar an oidhreacht tar éis srianta a bhaineann le COVID-19 a bheith tógtha. Le linn na dianghlasála, rinne a lán daoine iarracht an oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha ina gceantar féin a iniúchadh agus a bhlaiseadh, agus chuir an bhaint úr a bhí acu leis an oidhreacht feabhas ar mheon na ndaoine, chuir sé lena sláinte agus ba fhoinse foghlama é. Is féidir theacht ar thorthaí suirbhé na Comhairle Oidhreachta anseo.

*An Fhoireann Chultúir*

**Oíche Chultúir**

Beidh Oíche Chultúir, an ócáid phoiblí bhliantúil uile-oileáin a cheiliúrann cultúr, cruthaitheacht agus na healaíona, ar siúl Dé hAoine, 18 Meán Fómhair. Mar fhreagairt ar na srianta a bhaineann leis an phaindéim leanúnach, cuirfear clár na bliana seo i láthair in imeachtaí beo agus ar líne araon agus beidh deis ag daoine abhus agus thar lear ceangal a dhéanamh le cultúr Dhún na nGall.



*Cuirfidh Artlink 'Signs of Biodiversity ' i láthair ag Artlink, An Dún Riabhach, Bun Cranncha, ar Oíche Chultúir.*

I measc bhuaicphointí an chláir tá sraith d'fhíseáin ghearra atá á gcoimisiúnú ag an Rannán Cultúir ar bhealaí inar féidir leat aire a thabhairt don Dúlra agus don Bhithéagsúlacht i do Ghairdín Cúil. Tá gairdíní agus saineolaithe áitiúla sna scannáin lena n-áirítear Liz agus Ralph Sheppard ar a bhfeirm i dTeach Charn Eoghain, Ráth Bhoth; Eilís Ní Theampaill, Garraidh Salthill, Tamhnach an tSalainn; George McDermot, Garraíodóir Bhaile Bhun Crannacha; Joanne Butler ag OURganic, Gort a' Choirce; agus Angus Ó Cinnéide ó Nature North West, Ráth Mealtain.

Cuirfidh Músaem Contae Dhún na nGall an taispeántas *Iarnróid Chontae Dhún na nGall* i láthair, áit ar féidir leis an phobal tuilleadh a fháil amach faoi Iarnróid Chontae Dhún na nGall (CDR) agus an 'Great Northern Railway' (GNR). Sa ghrianghraf tá A. M. Davies, a thaistil ar na línte timpeall Chontae Dhún na nGall le linn na gCaogaidí agus na Seascaidí.



*Cuirfidh Louise Conaghan a dráma grinn "The Morrigan" i láthair in Amharclann an Ghrianáin ar Oíche Chultúir*

Beidh saothar ealaíne nua-chruthaithe le Ed Devane, chomh maith le taispeántas de shaothar nua leis an phéintéir Liz Doyle, i dtaispeántas reatha an Ionaid Chultúir Réigiúnaigh ar phlaistigh – *Can't Live With It, Can't Live Without It*.

Tá áthas ar Amharclann an Ghrianáin na chéad léirithe de dhráma grinn nua le 'Louise Conaghan - *The Morrigan*' - a óstáil, agus cuireann an Lár-Leabharlann, Leitir Ceanainn Seó *Draíochta Teaghlaigh Jessica Harkin* i láthair, chomh maith le sraith de thurais treoraithe speisialta ar chnuasach uathúil Staidéir Dhún na nGall de chuid na Leabharlainne.

Thig theacht ar an chlár iomlán agus tuilleadh eolais ar shuíomh greasáin na Comhairle Contae agus ar www.culturenight.ie



*Cuirfidh Jessica Harkin a seó 'Family Magic Show' i láthair ag an Lár-Leabharlann, Leitir Ceanainn, ar Oíche Chultúir*





Seachtain Eolaíochta i Leabharlann Bhun Dobhráin. Grianghraf a bhuí le Paul McGuckin

**Oíche Chultúir**
Cuireann an Lár-Leabharlann agus Ionad Eolais 'An Eoraip Dhíreach' dhá imeacht i láthair d'Oíche Chultúir ar an 18 Meán Fómhair.

*Behind the scenes in the Library*: Le linn an turais ghearr 20 nóiméad seo, is féidir foghlaim faoi na hacmhainní atá ar fáil againn chun do shinsir i nDún na nGall a rianú nó taighde a dhéanamh ar stair an chontae..

*Seó Draíochta Teaghlaigh le Jessica Harkin;* is draoi gairmiúil í Jessica Harkin a bhfuil duaiseanna buaite aici. Bí ullamh chun iontas a bheith ort de bharr cuid seachmall Jessica agus a cleasaíocht láimhe i seó tríocha bomaite a chuirfidh tús draíochtúil le hOíche Chultúir gan amhras.

Cloífear le treoirlínte scaradh sóisialta agus caithfear maisc i gcónaí le linn imeachtaí. Tá sé riachtanach áirithintí a dhéanamh. Chun teagmháil a dhéanamh leis an Lár-Leabharlann cuir scairt ar 074 9124950.

**Éire Shláintiúil ag do Leabharlann**
Mar chuid den chlár *Éire Shláintiúil ag do Leabharlann* tá áthas mór orainn a fhógairt go mbeidh an síceolaí mór le rá an Dr David Coleman ag tabhairt caint saor in aisce trí Facebook Beo Dé Sathairn 26 Meán Fómhair ag 11.00rn. Is é ábhar na cainte ná 'Ag Déileáil le himní i bpáistí agus déagóirí'. Chun do spéis a chur in iúl dúinn téigh i dteagmháil leis an tseirbhís leabharlainne tríd an leathanach 'Facebook' atá ag Leabharlann Chontae Dhún na nGall.



An Síceolaí David Coleman. Grianghraf a bhuí le Barry McCall

**Seachtain Eolaíochta**
Beidh Seachtain Eolaíochta 2020 ar siúl idir an 8 - 15 Samhain. Is é téama lárnach Sheachtain Eolaíochta 2020 ná '*Ár dTodhchaí a Roghnú*' ag díriú ar an dóigh a dtig leis an Eolaíocht feabhas a chur ar ár saol san am i láthair agus sa todhchaí. Coinnigh súil amach sna seachtainí amach romhainn le haghaidh sonraí faoi imeachtaí leabharlainne le linn na Seachtaine Eolaíochta.

wainfest
Children's Arts & Book Festival

**Wainfest**
Beidh Wainfest, Féile Ealaíon agus Leabhar do Pháistí, ar siúl idir an 3 - 11 Deireadh Fómhair. Cé go mbeidh an fhéile athshamhlaithe ar fáil ar líne den chuid is mó tá sí go fóill ag gealladh *Spraoi ó i bhfad ar Shiúl*. Tugann clár na bliana seo údair, maisitheoirí, ceol, amharclannaíocht, eolaíocht, draoithe, scannánaíocht agus dúlra isteach i dtithe agus i scoileanna ar fud Dhún na nGall. Beidh an clár iomlán agus tuilleadh eolais ar fáil ag wainfest.ie ón 22 Meán Fómhair.

**Ar mhaith leat a bheith páirteach i gceann dár gclubanna leabhar ar líne?**
Thug muid baill den phobal le chéile i gcónaí trí chruinnithe club leabhar sa leabharlann. Ag am seo an scartha shóisialta tá sé níos tábhachtaí ná riamh fanacht i dteagmháil lena chéile agus mar sin táimid ag bogadh ár gcomhráite agus ár gcruinnithe ar líne. Tá trí chlub leabhar ar líne againn faoi láthair. Le haghaidh tuilleadh eolais ar dhátaí agus amanna agus an dóigh le bheith páirteach, téigh i dteagmháil le Belinda ag bookgroups@donegalcoco.ie.

**PLASTIC: Can't Live With It, Can't Live Without It**
**24 Lúnasa – 19 Nollaig**

Tugann an Gailearaí Náisiúnta Eolaíochta a chéad taispeántas camchuairte riamh go Dún na nGall. Reáchtálfaidh an RCC taispeántas an-speisialta ina mbeidh saothar de chuid os cionn tríocha ealaíontóir, dearthóir agus eolaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, chomh maith le saothar nua-choimisiúnaithe leis an ealaíontóir fuaime Ed Devane atá lonnaithe i nDún na nGall. Tá ról chomh tábhachtach ag plaisteach sa saol nua-aimseartha nach rogha é stop a chur leis go hiomlán. D'athraigh sé ár saol laethúil agus ár dtimpeallacht níos mó ná aon ábhar eile. Tá go leor rudaí tarraingteacha agus idirghníomhacha sa taispeántas agus cuireann sé ceisteanna ar an dóigh ar féidir linn an t-ábhar seo, atá idir iontach agus uafásach, a úsáid agus ár gcur chuige ina leith a athrú, ionas nach dtruaillíonn sé ár n-aigéin agus nach scriosann sé an pláinéad.

Tá an taispeántas seo saor in aisce agus oiriúnach don teaghlach ar fad ach is gá áirithint a dhéanamh. Chun do thuras treoraithe a chur in áirithe tabhair cuairt anseo nó glaoigh ar (074) 912 9186



*Taispeántas PLAISTEACH san Ionad Cultúrtha Réigiúnach*

**OUTSIDE IN: Obair le déanaí le Liz Doyle**
**15 Meán Fómhair – 30 Deireadh Fómhair**

Is péintéir comhaimseartha agus déantóir priontaí í 'Liz Doyle' atá lonnaithe i gContae Dhún na nGall. Tá ról mór ag uigeacht agus dromchla i gcuid oibre 'Doyle', ina bhfoirmíonn dathanna agus cruthanna beoga maiseanna talún, soithí agus tírdhreacha. Úsáidtear próisis amhail an doirteadh agus glacadh priontaí ó phéint fhliuch, agus déantar iad a aistriú ó shaothar amháin go dtí saothar eile, rud a mbíonn dathanna beoga agus dromchlaí saibhre mar thoradh air.



*Ye Vagabonds agus Cormac Begley*

**CAINT EALAÍONTÓRA**
**24 Meán Fómhair, 6.30pm**
**'Forgotten Places'**

Le linn na dianghlasála, thug 'Wild Swans' i gcomhar le 'Bbeyond' cuireadh d'ealaíontóirí comhoibriú sa tionscadal 'Forgotten Places', sraith taibhithe a bhí ar siúl in Girona na Spáinne agus i bhFánaid, Co. Dhún na nGall i mí Lúnasa 2020. Tugann an tionscadal blaiseadh ar thaibhealaín trí 10 léiriú le healaíontóirí as Dún na nGall agus an Spáinn agus 'Bbeyond'.
Mar chuid den imeacht seo, craolfar físdhoiciméadú de Wild Swans ar líne agus beidh seisiún idirghníomhach ceisteanna agus freagraí leis na healaíontóirí agus an scannánóir.
Tá spásanna teoranta ann agus mar sin cláraigh le haghaidh na hócáide trí r-phost chuig jeremy@regionalculturalcentre.com

**CEOL: Ceolchoirmeacha as Líne agus ar Líne**

Leanfaidh an RCC ag tacú leis na ceoltoirí áitiúla le clár spleodrach de shruthanna ceoil a reáchtáil ina mbeidh na ceoltóirí áitiúla is mó a bhfuil éileamh orthu, mar shampla: Mark Black, Maria McCormick, Without Willow, Sheerbuzz agus Patsy Gallagher (Goats Don't Shave) chomh maith le clár ceolchoirmeacha fisiciúla curtha i láthair i gcomhar lenár gcomharsana béal dorais Amharclann an Ghrianáin agus seolta ag 'Ye Vagabonds' agus 'Cormac Begley' ar an 26 Meán Fómhair.
Is féidir tuilleadh eolais faoi na himeachtaí seo uilig a fháil anseo.

**An 20ú Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm**

Beidh an 20ú Féile Chuan Dhún na nGall agus na gCruach Gorm ar siúl ón Aoine, 25 Meán Fómhair go dtí an Domhnach an 18ú Deireadh Fómhair. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, tá síneadh ama curtha le dátaí na Féile lena chinntiú nach mbeidh barraíocht imeachtaí ar siúl san aon am amháin ar mhullach a chéile, agus beidh meascán de léirithe beo agus imeachtaí réamhthaifeadta ar líne i gceist.

Tá lúchair ar an Fhéile go mbeidh trí léiriú den chéad uair de shaothair nua ar an chlár beo – *Sister Black* le Margaret Hannon, *Small Behaviour* le Kate O'Callaghan agus *My Wife, Her Cat and Other Stuff* le Brian Walsh, a bheidh á léiriú ag Conal Gallen. Ar an chlár fosta tá léiriú le Rosemary Lynch ar a seó *Zandra Queen of Jazz*- bunaithe ar shaol agus ar bheatha Alexandra Mitchell, nach maireann, as Coolmore House i Ros Neamhlach. Beidh na seónna seo ar siúl in Ionad Ealaíne Bhalor i mBealach Féich agus in Ionad Ealaíne na Mainistreach i mBéal Átha Seanaidh.



*An tAisteoir agus drámadóir Margaret Hannon i radharc óna seó féin, 'Sister Black'. Grianghraf a bhuí le Charlie Doherty*

Is í Maura Logue agus sraith nua drámaíochta ceithre pháirt le David Ison, *Drumshee Days*, a bheidh chun tosaigh sa chlár ar líne, agus a chraolfar gach oíche Aoine le linn na féile ag 7pm. I measc na gclár breise ar líne beidh, ó léiriúcháin Treehouse, sraith de cheithre léiriú scannáin le healaíontóirí ón Iarthuaisceart – Mirenda Rosenberg agus Alan Finan as Dún na nGall, Aoife Boyle (Reevah) agus 'Connor McGowan (Ergo The Jackal) as Doire, a chraolfar oícheanta Dé Máirt le linn na féile.



*Micheál agus Conchobhar Ó Muirí ón ghrúpa na 'Murray Brothers Quartet'*

I measc chlár ceoil na Féile beidh an cheolchoirm *Ómós do Billy Finn*. a bhfuil súil leis go géar, ag Ionad Ealaíne na Mainistreach, ina mbeidh an máistir-phíobaire Robbie Hannon, an t-amhránaí as Béal Átha Seanaidh Shauna Mullin agus an fidléir virtuoso as Ard an Rátha, Damien McGeehan, agus seó dúbailte iontach ag Ionad Ealaíne Bhalor ina mbeidh Ceathairéad na Murray Brothers agus Megan Nic Ruairí.

Chun clabhsúr a chur leis an fhéile déanfar súmáil bheo 'In Conversation' leis an úrscéalaí Éireannach Helen Cullen atá lonnaithe i Londain agus an file Elaine Feeney as Gaillimh, á óstáil ag an fhile Denise Blake as Dún na nGall.

Clár ama iomlán ar fáil ar shuíomh greasáin anseo.



*Kate O'Callaghan (ar dheis), Seamús Devenney (ar chlé) agus an 'Donegal Camerata String Quartet', agus a gceannaire Victor Yelamo (3 ar dheis)*




*'House on the Brae', Ráth Mealtain.*
*Grianghraf a bhuí le Seosamh Ó Gallchóir*

**Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí**

Bhí éileamh mór ar an Scéim Deontais Deisiúcháin Tuí agus fuarthas cúig iarratas is daichead ó gach cearn den Chontae. Is iad aidhmeanna na scéime deontais ná sainchomhairle a sholáthar d'úinéirí maidir le caomhnú a gcuid struchtúr tuí agus maoiniú a leithdháileadh ar dheisiúcháin tuí ar scála beag. Tá naoi dtairiscint is fiche de mhaoiniú le haghaidh tithe cónaithe, cóiríocht ar cíos, tithe lasmuigh agus gnólachtaí déanta faoin scéim anois. Tugann an scéim tacaíocht a bhfuil géarghá léi d'úinéirí tí a bhfuil ceann tuí acu, agus fostaíocht luachmhar do thuíodóirí áitiúla san am dúshlánach seo a bhfuil muid ann.

**COVID-19 An Earnáil Oidhreachta**

Tá dúshláin mhóra os comhair earnáil na hOidhreachta mar thoradh ar shrianta COVID-19 ina measc tá; gnólachtaí á ndruidim, caillteanas ioncaim, poist á gcailleadh agus méadú ar bheith ag obair ón bhaile. Tá brú méadaithe ó líon na gcuairteoirí chuig roinnt suíomhanna oidhreachta agus bhí go leor eagraíochtaí gnoitheach ag forbairt ábhar nua ar líne. Thug an Chomhairle Oidhreachta faoi shuirbhé ar na mallaibh chun tuigbheáil níos fearr a fháil ar an tionchar atá ag an phaindéim ar an earnáil oidhreachta in Éirinn. Tá torthaí an tsuirbhé le fáil anseo.




*Tionchair COVID-19 ar earnáil na hoidhreachta (Íomhá le caoinchead na Comhairle Oidhreachta)*

**Tionscnamh Bailte Stairiúla Ráth Mealtain**

D'éirigh le hiarratas ó Chomhairle Contae Dhún na nGall ar son Ráth Mealtain chuig Tionscnamh na mBailte Stairiúla agus bronnadh maoiniú €200,000 air ón Chomhairle Oidhreachta agus ón Roinn Cultúir, Oidhreachta agus na Gaeltachta. Tá Comhairle Contae Dhún na nGall tiomanta chun €50,000 breise a infheistiú i dtreo na n-oibreacha caomhnaithe i mbliana agus beidh ranníocaíochtaí airgeadais ann ó úinéirí réadmhaoine áitiúla fosta. D'ullmhaigh an tOifigeach Oidhreachta agus Oifigeach Caomhnaithe Chomhairle Contae Dhún na nGall an t-iarratas i gcomhpháirtíocht le Cumann Seoirseach Ráth Mealtain, Ailtireacht 'Dedalus'agus le húinéirí agus cónaitheoirí áitiúla. Mar thoradh ar an tionscnamh déanfar oibreacha caomhnaithe ar cheithre réadmhaoin stairiúla déag, síos Sráid an Chaisleáin, ag Crois an Mhargaidh agus sa Teach ar an Mhullaigh ar Shráid an Droichid. Cuirfidh sé le cáilíocht agus carachtar foriomlán na sráid-dreacha stairiúla i Ráth Mealtain, agus tacóidh sé le hobair Chumann Seoirseach Ráth Mealtain. Cuireadh tús le hoibreacha ar an láthair i Ráth Mealtain ag deireadh mhí Lúnasa agus beidh siad críochnaithe faoi dheireadh mhí na Samhna 2020.

**Seachtain Náisiúnta Oidhreachta**

Buíochas mór d'achan duine; eagraíochtaí oidhreachta agus grúpaí pobail a thug faoi thionscadal le haghaidh Sheachtain na hOidhreachta (Lúnasa 15 – 23). Tugadh faoi chúig thionscadal is tríocha i gContae Dhún na nGall agus is féidir iad a fheiceáil ar shuíomh Gréasáin na Seachtaine Oidhreachta. Dhéanfar na tionscadail uilig atá cláraithe a mheas do Ghradaim na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta. Fógrófar na buaiteoirí níos moille i mbliana.




*Atógáil fhíorúil ar Eaglais Naomh Caitríona, na Cealla Beaga. Le caoinchead Niall McShane, Ionad Taighde Córais Chliste, Ollscoil Uladh*

**Músaem Contae Athoscailte**

Athosclaíodh an Músaem Dé Céadaoin 26 Lúnasa. D'oibrigh muid go crua chun athoscailt shábháilte thaitneamhach a chinntiú do chuairteoirí agus eile, agus táimid réidh agus ag fanacht le fáilte a chur romhat ar ais chun taitneamh a bhaint as ár réimse iontach taispeántas. Ina measc seo tá ár dtaispeántas úr - *Iarnróid Chontae Dhún na nGall* ag taispeáint íomhánna ó A. M. Davies' ó Bhailiúchán Chartlann an Chontae, a insíonn scéal brónach faoi laethanta deiridh na n-iarnród i nDún na nGall.




*Stáisiún Iarnróid Chúil na gCuirridín. Le caoinchead ó bhailiúchán Mhúsaem Contae Dhún na nGall*

**"Athshamhlaigh..."**

Tá Músaeun Chontae Dhún na nGall ag comhoibriú leis an Ionad Cultúrtha Réigiúnach, Leitir Ceanainn agus le hAmharclann an Ghrianáin ar *Athshamhlaigh...*, tionscadal fondúireachta ailteoireachta a fhaigheann tacaíocht ón Chiste Cruthaitheachta Náisiúnta faoi Chlár Éire Ildánach. Is clár ailtireachta agus dearaidh faoi stiúir an Phobail é *Athshamhlaigh...* a thugann pobail áitiúla, ailtirí, dearthóirí agus pleanálaithe le chéile chun forbairt agus feabhsú a dhéanamh ar thionscadail a chuirfidh leis an timpeallacht áitiúil in achan bhaile a bhfuil baint aige leis an tionscadal. Tá tionscadal Leitir Ceanainn LKCD.ie á sheachadadh ag Pasparakis Friel Architects i gcomhar le Comhairle Chontae Dhún na nGall, agus dírithe ar aibhsiú agus forbairt a dhéanamh ar na ceangail fhisiciúila idir an Músaem, an Amharclann agus an tIonad Cultúir Réigiúnach. San áireamh, beidh marcóirí slí agus comharthaíocht shealadach á gcur suas.

**Tionscadal CINE - Suíomh Gréasáin Fíorúil Naomh Caitríona**

Le linn na Seachtaine Oidhreachta i mí Lúnasa sheol an Músaem suíomh gréasáin nua a thugann léargas úr do dhaoine ar oidhreacht thógtha Eaglais agus reilig Naomh Caitríona sna Cealla Beaga. Mar pháirt den tionscadal CINE tá Músaem Chontae Dhún na nGall, i gcomhpháirtíocht le hIonad Taighde Córais Chliste Ollscoil Uladh, ag obair le Cumann Staire agus Oidhreachta na gCealla Beaga chun stair agus oidhreacht mheánaoiseach eaglais agus reilig Naomh Caitríona a chur chun cinn agus a chaomhnú. Nuair a thugann tú cuairt ar an taispeántas ar líne is féidir leat atógáil fhíorúil iomlán den eaglais agus den reilig a fheiceáil agus a scrúdú, chomh maith le turas íomhánna 360 céim agus déantáin dhigitithe 3D a fheiceáil. Tá an tionscadal seo maoinithe ag Clár Fhorimeall Tuairisceartach agus Artach an AE 2014-2020 (ERDF).

**Taispeántas Comórtha Dheich mBliana na gCuimhneachán**

Táimid ag déanamh taighde ar scéal Dhún na nGall le linn Chogadh na Saoirse, an Chogaidh Chathartha agus na Críochdheighilte dár gcéad taispeántas eile. Má tá scéalta teaghlaigh, déantáin nó grianghraif ar bith agat a bhaineann leis an tréimhse seo a ba mhaith leat a roinnt linn déan teagmháil leis an Mhúsaem, le do thoil.



*Coiste Chlub Sláinte Fhánada, c1931, a pléadh sa chur i láthair Facebook 21 Bliain 21 Seoda Cartlainne. Le caoinchead ó Chartlann Chontae Dhún na nGall*

**Digitiú ar Chartlann Ard-Ghiúiré Dhún na nGall**

Tá Cartlann Ard-Ghiúiré Chontae Dhún na nGall le feiceáil saor in aisce ar líne anois. Déanann an tSeirbhís Cartlainne ábhar cartlainne a bhaineann le stair, cultúr agus saol an chontae, a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil don phobal. Le bliain is fiche anuas tá bailiúchán suntasach cartlainne, ó fhoinsí poiblí agus príobháideacha araon, curtha le chéile againn. I measc na bpríomhbhailiúchán atá againn tá Cartlann Ard-Ghiúiré Dhún na nGall, a chlúdaíonn an tréimhse idir 1753 agus 1898. Is é seo an bailiúchán poiblí is sine atá againn agus tá tábhacht mhór leis le haghaidh stair áitiúil, teaghlaigh agus acadúil.

Creidtear go raibh Ard-Ghiúiréithe na hÉireann ann ó aimsir na Normannach.  Ba iad na comhlachtaí réamhtheachtaí d'údaráis áitiúla nua-aimseartha iad, agus bhí réimse leathan feidhmeanna poiblí acu, lena n-áirítear oibreacha bóthair a ligean ar conradh, tógáil agus cothabháil otharlann, íoclann, tithe cúirte, scoileanna agus príosún, chomh maith leis an ráta a bhailiú ('cess' contae). Uaireanta, i measc na 'seirbhísí' éagsúla, dhéantaí aistriúchán ar Ghaeilge, mharaítí ainmhithe áirithe agus d'iompraítí príosúnaigh.

Cuimsíonn taifid Ard-Ghiúiré Dhún na nGall tuairiscí (taifid ar oibreacha atá le déanamh); cuntais; miontuairiscí cruinnithe; comhfhreagras agus meamraim; agus grianghraif den Ard-Ghiúiré deireanach fosta. Nochtann siad go leor faoin saol tuaithe in Éirinn san 18ú agus san 19ú haois. Coinnítear na taifid bhunaidh i gCartlann an Chontae i Leifear. Rinneadh micreascannáin na dtaifead bunaidh (agus an chatalóg) a dhigitiú agus is féidir iad a fheiceáil ar líne anois gan aon táille. Féach ar an bhailiúchán anseo.

**Comhairlí Dúiche Tuaithe**

Mar chuid den chomóradh leanúnach ar Dheich mBliana na gCuimhneachán tá leabhair mhiontuairiscí Chomhairle Ceantair Tuaithe na Cartlainne ó 1917 - 1925 á ndigitiú agus uaslódáilfear iad sna míonna amach romhainn, agus cuirfear ar fáil saor in aisce iad le feiceáil ar leathanaigh ghréasáin na Cartlainne.

**Ag Ceiliúradh 21 Bliain**

Tá an tSeirbhís Cartlainne ag ceiliúradh bliain is fiche i mbliana. Mar chuid den cheiliúradh sin agus chun Seachtain na hOidhreachta a cheiliúradh, rinne an Chartlann sruthú beo a chur i láthair dar teideal 21 Bliain:  21 Seoda Cartlainne, ag cur béime ar phríomhbhailiúcháin a fuarthas le scór bliain anuas. Tá an cur i láthair seo ar fáil ar leathanach Facebook na Cartlainne.

**Stair Béil**

Tá ár dtionscadal *Peace IV Echoes of the Decade* ar siúl agus tá tionscadal stair béil ar siúl bunaithe ar théamaí a bhaineann le hoidhreacht Dheich mBliana na gCuimhneachán. Roinnfear tuilleadh eolais faoin tionscadal seo sna míonna amach romhainn. Téigh go dtí Archives ar Facebook agus ar Twitter le do thoil, don nuacht is déanaí.



*An tArd-Ghiúiré deireanach i nDún na nGall 1899. Le caoinchead ó Chartlann Chontae Dhún na nGall*